



## POTA MÓR FATAÍ

Tá pota mór fataí 'Tigh Phádraig 'Con Rí  
 Tá pota mór fataí **Tigh** Phádraig 'Con Rí  
 Tá pota mór fataí 'Tigh Phádraig 'Con Rí  
 Óra, pota na **leath-chloiche** a chuireann siad **síos**

*A bhó, mo leanbh is a bhó mo lao!*  
*A bhó mo leanbh is cé déarfadh nach í?!*

Nuair-a-bhíonn mná mhuintir Uaithnín ag **caitheamh** an *chloth shawl*  
 Nuair-a-bhíonn mná mhuintir Uaithnín **ag caitheamh** an *chloth shawl*  
 Nuair-a-bhíonn mná mhuintir Uaithnín ag **caitheamh** an *chloth shawl*  
 Ó bíonn **Baba** sin 'ainne 'gus pluid **ar a ceann!**

Nuair-a-bhíonn mná mhuintir Uaithnín ag **ól** a gcuid tae  
 Nuair-a-bhíonn mná mhuintir Uaithnín **ag ól** a gcuid tae  
 Nuair-a-bhíonn mná mhuintir **Uaithnín** ag **ól** a gcuid tae  
 Ó bíonn **Baba** sin 'ainne 'gus **méir ina béal!**

Ó cuirfidh muid cóiste faoi **Bhaba** 'Con Rí!  
 Ó cuirfidh muid cóiste **faoi Bhaba** 'Con Rí!  
 Ó cuirfidh muid cóiste faoi **Bhaba** 'Con Rí!  
 Óra, seanphota **gliomach** is **rothaí** 'chur **faoi!**

Tá Baba 'na codladh i leaba chlúmhaí  
 Tá Baba 'na codladh i leaba chlúmhaí  
 Tá Baba 'na codladh i leaba chlúmhaí  
 Ná dúisigh mo leanbh - is cé 'déarfadh nach í?

Le tacaíocht ó